

Fadhb na bulaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin ardú atá tagtha ar an mbulaíocht i measc na n-óg. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an bhfuil na focail seo ar eolas agat?

sciath ghorm
easpa féinmhuiníne
tacaíocht
moltaí
dul i ngleic le
feachtas
straitéis (a chur) i bhfeidhm
in ísle brí
beartais nua
cibearbhulaíocht



Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus cuirigí Gaeilge ar an mana:

I'm standing up against bullying, are you?

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cén cumann a deir go bhfuil méadú mór ag teacht ar líon na ndaoine óga a ndéantar bulaíocht orthu? Cad atá ar eolas agat faoin gcumann sin?
2. Cén tionchar a bhíonn ag an mbulaíocht ar dhaoine óga?
3. Cé mhéad duine atá thíos le cruálacht na cibearbhulaíochta?
4. Cad a bhí le rá ag Rhona McGinn agus ag Clive Byrne?

Ceist 4 ‘...seolta...’

Is é an aidiacht bhriathartha den bhriathar **seol** atá san fhocal thuas. An féidir leat an leagan céanna de na briathra idir lúibíní a chur sna bearnaí?

- 1) Nach bhfuil an aiste _____ (scríobh) agat fós?
- 2) Chuaigh mé abhaile nuair a bhí an óráid _____ (clois) agam.
- 3) An bhfuil an obair _____ (déan) aige?

- 4) Rachaidh an cat amach nuair a bheidh an bia _____
(ith) aici.
- 5) Tá an scéal _____ (scaoil) anois, níl neart air.
- 6) Is fada an lá ó bhí an scannán sin _____ (feic) agam.
- 7) Tá an leabhar díreach _____ (léigh) agam.
- 8) Tar éis uair a chloig, bhí an t-airgead ar fad _____
(caith) agam.
- 9) Tá sé _____ (abair) agat!
- 10) Tá súil agam go bhfuil bronntanas deas _____ (faigh)
aici.

Ceist 5 ‘...In ísle brí...’

Is mó nathanna cainte an bhfuil an focal **brí** iontu. An féidir leat na cinn seo a chur in abairtí lena mbrí a léiriú?

brí na hóige
ar bheagán brí
cad is brí leis?
de bhrí go

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil fadhb na bulaíochta i do scoil / i do choláiste / i d’ollscoil féin?
2. An bhfuil fadhb na bulaíochta ag dul in olcas de barr an idirlín, dar leat?
3. Cad a dhéanfá dá mbeadh a fhios agat go raibh bulaíocht á déanamh ar dhuine a raibh aithne agat air?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

sciath ghorm – *blue shield*
easpa féinmhuiníne – *lack of self-confidence*
tacaíocht – *support*
moltaí – *recommendations*
dul i ngleic le – *to deal with*
feachtas – *campaign*
straitéis (a chur) i bhfeidhm – *to implement a strategy*
in ísle brí – *dejected, dispirited*
beartais nua – *new policies*
cibearbhulaíocht – *cyber bullying*

Ceist 2

Seo sampla amháin:
Seasaim in éadan na bulaíochta, cad fút féin?

Ceist 3

1. *Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí*. Tuairimíocht atá sa chuid eile den cheist.
2. Bíonn daoine a ndéantar bulaíocht orthu go mór in ísle brí dá bharr, bíonn siad uaigneach agus bíonn easpa féinmhuiníne orthu freisin.
3. Duine óg as gach deichniúr.
4. **Rhona McGinn** – Deir sí go bhfuil seirbhís bulaíochta acu ar shuíomh idirlín an ISPCC chun cuidiú leo siúd atá thíos leis an mbulaíocht, idir pháistí agus thuismitheoirí. Deir sí go bhfuil an suíomh i nGaeilge chomh maith.
Clive Byrne - Tá moltaí ag Cumann na bPríomhoidí chun cuidiú le tuismitheoirí déileáil le páistí a úsáideann an t-idirlíon.

Ceist 4

- 1) Nach bhfuil an aiste **scríofa** agat fós?
- 2) Chuaigh mé abhaile nuair a bhí an óráid **cloiste** agam.
- 3) An bhfuil an obair **déanta** aige?
- 4) Rachaidh an cat amach nuair a bheidh an bia **ite** aici.
- 5) Tá an scéal **scaoilte** anois, níl neart air.
- 6) Is fada an lá ó bhí an scannán sin **feicthe** agam.
- 7) Tá an leabhar díreach **leite** agam.
- 8) Tar éis uair a chloig, bhí an t-airgead ar fad **caite** agam.
- 9) Tá sé **ráite** agat!
- 10) Tá súil agam go bhfuil bronntanas deas **faighte** aici.

Ceist 5

brí na hóige – *the vigour of youth*
ar bheagán brí – *of little substance*
cad is brí leis – *what does it mean?*
de bhrí go – *whereas, because*

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceistanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola

Deir Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí go bhfuil méadú mór ar líon na ndaoine óga a ndéantar bulaíocht orthu sa tír seo. Tá feachtas nua seolta inniu ina mbronnfar sciath ghorm ar scoileanna a chuireann straitéis i bhfeidhm le dul i ngleic le bulaíocht; bítear sin á déanamh ar an duine go díreach, ar an idirlíon nó ar an nguthán.

Grett O'Connor

Míle duine a ghlaigh ar an tseirbhís *Childline* anuraidh, ag rá go raibh bulaíocht á déanamh orthu. Bhíodar go mór in ísle brí dá bharr, bhíodar uaigneach agus bhí easpa féinmhuiníne orthu freisin. Inniu do sheol Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí beartais nua chun dul i ngleic leis an mbulaíocht.

Rhona McGinn

Is féidir le daoine óga téacs a sheoladh chugainn ar 50101. So tá bulaíocht *service* againn le haghaidh daoine óga. Tá *toolkit* againn atá le fáil ar shuíomh idirlín an ISPCC agus tá leagan Gaeilge ann le haghaidh scoileanna a bheidh in ann plé leis an ábhar sin. Agus, chomh maith leis sin, tá tacaíocht againn le haghaidh tuismitheoirí, má tá inní orthu, is féidir leo breathnú ar an suíomh idirlín san ISPCC chomh maith.

Grett O'Connor

Tá cibearbhulaíocht á himirt anois ar dhuine óg as gach deichniúr, de réir taighde atá déanta ag Cumann na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí. Tá an figiúr sin dúbailte ón am seo anuraidh.

Clive Byrne, Cumann na bPríomhoidí

So, is iad na moltaí atá déanta againne ná go mbeadh níos mó oideachais do thuismitheoirí ionas gur féidir leo labhairt leis na páistí ó thaobh cúrsaí idirlín agus an úsáid nó mí-úsáid atá á déanamh, mar gheall air sin.

Grett O'Connor

Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín www.ispcc.ie. Grett O'Connor, Nuacht TG4.